Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0143 (NLE)**

**10608/26**
**ADD 1**

**UD 182**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 278 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) i ndáil le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, agus an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 278 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 278 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2026
COM(2026) 278 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) i ndáil le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, agus an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe**

# IARSCRÍBHINN

I. An seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) i ndáil le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, agus an Moladh maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, ar cuid lárnach den Choinbhinsiún sin é de bhun Airteagal 2 de.

1. PRIONSABAIL

Faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC), déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé aicmiú earraí de réir custaim agus aonfhoirmeacht maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe (CC) a chur chun cinn agus a éascú agus cuirfidh sé leis an aicmiú agus leis an aonfhoirmeacht sin, agus déanfaidh sé líon na gcásanna agus na ndíospóidí faoi léirmhínithe éagsúla an Chórais Chomhchuibhithe a laghdú;

(b) oibreoidh sé chun rannpháirt iomchuí i gcéim ullmhúcháin chinntí an Choiste um an gCóras Comhchuibhithe (Coiste CC) a thabhairt do pháirtithe leasmhara, agus áiritheoidh sé gur i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí (Coinbhinsiún CC)[1] a bheidh cinntí a ghlacfar in EDC;

(c) áiritheoidh sé go mbeidh aon bheart a glacadh in EDC ag luí leis na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe;

(d) seasaimh atá comhsheasmhach leis na dea-chleachtais a d’fhorbair an tAontas sa réimse lena mbaineann, cuirfidh sé na seasaimh sin chun cinn;

(e) cuirfidh sé simpliú agus nuachóiriú ar Ainmníocht CC chun cinn de réir mar a athraíonn riachtanais na n-úsáideoirí agus forbairt teicneolaíochtaí nua;

(f) áiritheoidh sé comhsheasmhacht lena bheartais eile, lena n-áirítear an cuspóir maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, agus le gealltanais idirnáisiúnta a mhéid atá ábhartha i bhfianaise chineál sonrach an aicmithe custaim.

2. CRITÉIR

Na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais in EDC:

(a) bunófar iad de réir na gcritéar ginearálta seo a leanas:

– an prionsabal go mbeidh, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus fíorú réidh, go mbeidh an critéar cinntitheach maidir le haicmiú earraí go ginearálta, chun críoch custaim, á lorg ina ngnéithe agus a sainghnéithe oibiachtúla mar a shainítear i bhfoclaíocht na gceannteideal sa Chóras Comhchuibhithe agus i nótaí na Roinne nó na Caibidle, agus

– na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Coinbhinsiún CC.

[1] IO L 198, 20.7.1987, lch. 3.

(b) i gcás inarb infheidhme, agus cé is moite den Mholadh do na Páirtithe Conarthacha maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, cuirfear na critéir shonracha seo a leanas san áireamh:

- cás dlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le haicmiú custaim ar earraí,
- Ainmníocht CC agus Nótaí Míniúcháin CC, tuairimí agus cinntí maidir le hAicmiú a ghlac Coiste CC,
- fo-cheannteidil na hAinmníochta Comhcheangailte (AC)[2] agus Nótaí Míniúcháin AC,
- rialacháin agus cinntí maidir le haicmiú a ghlac an Chomhairle nó an Coimisiún,
- conclúidí ó Roinn na hAinmníochta Taraife agus Staidrimh den Choiste um an gCód Custaim, agus
- aon ghníomh dlí nó treoirlíne eile a bhaineann le haicmiú custaim ar earraí arna bhforbairt ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún.

3. TREOSHUÍOMHANNA

I gcás inarb iomchuí, féachfaidh an tAontas leis na cinntí seo a leanas a ghlacadh in EDC, de réir na bprionsabal agus na gcritéar dá dtagraítear i bpointí 1 agus 2:

(a) Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile a mholadh agus a ullmhú mar threoraíocht chun an Córas Comhchuibhithe a léirmhíniú;

(b) moltaí a ullmhú chun aonfhoirmeacht maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe a áirithiú;

(c) moladh do na Páirtithe Conarthacha maidir le leasú a dhéanamh ar an Ainmníocht atá i gceangal mar Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, arna ghlacadh ag an gComhairle de bhun Airteagal 8(1) agus Airteagal 16 de;

II. Sonrú an tseasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i ndáil le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le hAicmiú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoi Choinbhinsiún CC

Roimh gach cruinniú de Choiste CC a n-iarrfar ar Choiste CC lena linn cinntí a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo ar an Aontas a ghlacadh, glacfar na céimeanna is gá ionas go gcuirfear san áireamh sa seasamh a léireofar thar ceann an Aontais an fhaisnéis theicniúil agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí a tarchuireadh chuig an gCoimisiún, i gcomhréir leis na prionsabail, na critéir agus na treoshuíomhanna a leagtar amach i roinn I. Chun cearta agus leasanna an Aontais in EDC a chaomhnú, tabharfaidh an Coimisiún dá aire go háirithe go mbeidh fáil ar dhoiciméid oibre i gcomhréir le rialacha nós imeachta Choiste CC.

Chuige sin, agus bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle, in am trátha roimh gach cruinniú de Choiste CC dá dtagraítear i bpointe 1, doiciméad i scríbhinn ina leagfar amach sonraí na sonraíochta atá beartaithe maidir le seasamh an Aontais chun sonraí an tseasaimh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais a phlé

[2] Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, IO L 256, 7.9.1987, lch. 9. 1.

agus a fhormhuiniú. Scrúdóidh an Chomhairle doiciméid an Choimisiúin a luaithe agus is féidir.

Mura bhformhuineoidh an Chomhairle cuid shonrach den togra, ní thíolacfaidh an Coimisiún seasamh thar ceann an Aontais maidir leis an gcuid sin ag Coiste CC.

I gcás ina bhfuil difear substaintiúil idir an seasamh ón Aontas agus an cinneadh a ghlac Coiste CC, déanfaidh an Coimisiún, in am trátha roimh an sprioc-am dá bhforáiltear faoi Airteagal 8(3) de Choinbhinsiún CC, doiciméad i scríbhinn a tharchur chuig an gComhairle nó chuig a comhlachtaí ullmhúcháin lena leagtar síos gur féidir an cinneadh/na cinntí i gceist a ghlacadh nó go bhfuil gá ann an cheist a chur faoi bhráid Chomhairle EDC nó faoi bhráid Choiste CC lena hathscrúdú de bhun Airteagal 8(2) de Choinbhinsiún CC.

Chun cearta an Aontais a chaomhnú agus chun é a sheachaint go nglacfaí cinneadh maidir le hábhar nach féidir leis an gComhairle seasamh a ghlacadh ina leith roimh an sprioc-am dá bhforáiltear faoi Airteagal 8(3) de Coinbhinsiún CC atá á ghlacadh in EDC, iarrfaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais go gcuirfear an t-ábhar faoi bhráid Chomhairle EDC agus faoi bhráid Choiste CC lena athscrúdú de bhun Airteagal 8(2) de Choinbhinsiún CC.